An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

Comórtas oscailte do cheapacháin i bpo(i)st mar:

Oifigeach Feidhmiúcháin sa Státseirbhís 2022

CA 22150705

Dáta Dúnta: 3i.n. Déardaoin 2 Meitheamh 2022

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Reachtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an feachtas earcaíochta seo de réir na gCód Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus atá ar fáil ag www.cpsa.ie

---

AN TSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ, ÁRAS NA CAIBIDLE
26 – 30 SRÁID NA MAINISTREACH UACHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 1
www.publicjobs.ie

Seoladh Ríomhphoist na Deisce Cabhrach: Largevolumerecruitment5@publicjobs.ie

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Poist d'Oifigigh Feidhmiúcháin sa Státseirbhís 2022

Réamhrá

Tá an Státseirbhís ag croílár shochaí na hÉireann. Bíonn tionchar ag gach ní a dhéanaimid ar ár dtír agus, níos tábhachtaí fós, ar mhuintir na tíre. Is institiúid láidir agus iontaofa muid, atá ag freastal ar mhuintir na hÉireann ó bunaíodh an Stát. Le déanaí, tá ról tábhachtach á ghlacadh ag an Státseirbhís maidir le tacú le freagairt an Rialtais ar riachtanais an náisiúin le linn na paindéime. Cé go bhfuil na dúshláin atá roimh an Státseirbhís inniu difriúil ó na dúshláin a bhí ann nuair a bunaíodh an Stát, tá ár bpríomhluachanna mar an gcéanna.

Is eagraíocht mhór agus chasta í Státseirbhís na hÉireann, ina bhfuil beagnach 42,000 duine fostaithe i níos nó ná 40 Roinn agus Oifig Rialtais, a bhfuil freagrachtaí éagsúla acu chun tacú leis an Rialtas trí roghanna beartais agus reachtaíocht a fhorbairt chun dul i ngleic le ceisteanna móra náisiúnta, chun an tseirbhís phoiblí i gcoitinne a chomhordú, chun cabhrú leis an ngeilleagar a bhainistiú agus chun seirbhísí a sholáthar don phobal.

Tá Straiéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 ina straitéis uaillmhianach 10 mbliana don Státseirbhís. Cuirfear an Straitéis i bhfeidhm trí shraith de phleananna gnímh 3 bliana ina leagfar amach na spriocanna agus na tionscnaimh áirithe a úsáidfear chun gach ceann dár dtosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn chun Státseirbhís ionchuimsitheach, ardfheidhmíochta, atá tiomanta, solúbtha, ina bhfuil éagsúlacht le brath agus atá réidh chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana féin agus na dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo a chinntiú.

Nuair a chuireann an Státseirbhís na pleananna seo i gcrích agus nuair a léiríonn sí go bhfuil sí tiomanta do chaighdeáin na seirbhíse poiblí, is féidir léi eagraíocht ina bhfuil éagsúlacht le brath inti ach atá comhaontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla, níos oscailte agus níos cuntasaí a chruthú, a chothaíonn muinín in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Is féidir go mbeadh sé riachtanach do chomhlachtaí Státseirbhíse, ó am go ham, folúntais a líonadh do phoist lánaimseartha bhuana d'Oifigigh Feidhmiúcháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn in ionaid éagsúla ar fud na tíre. Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) an comhlacht lárnach earcaíochta don tSeirbhís Phoiblí agus don Státseirbhís agus is í an tSCP a reáchtálfaidh an próiseas roghnaithe don chomórtas seo. Bunóidh an tSCP painéal de dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun folúntais a líonadh a d'fhéadfadh tarlú sa Státseirbhís.

Cuireann an Státseirbhís gairm an-sásúil agus éagsúil ar fáil d'iarrthóirí oiriúnacha, ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha iomaíocha.

Tá gach fostóir sa státseirbhís tiomanta do lucht saothair ina bhfuil cuimsiú agus éagsúlacht chun tosaigh a chur chun cinn, ar léiriú é ar Éirinn an lae inniu agus ar na daoine a bhfreastalaímid orthu. Déanaimid ár ndícheall cultúr ina bhfuil na deiseanna céanna ar fáil do bhaill foirne agus ina mbraitheann siad compordach agus muiníneach san ionad oibre a chruthú.

An Ról

Tá Oifigigh Feidhmiúcháin fostaithe i ngach Roinn/Oifig Rialtais ina bhfuil réimse freagrachtaí feidhmiúcháin. Is é grád an Oifigigh Feidhmiúcháin an grád bunleibhéil ag leibhéal na bainistíochta sóisearaí sa Státseirbhís (Féach ar **Aguisín 1**).

Déanann Oifigigh Feidhmiúcháin anailís chriticiúil ar mholtaí agus ar thuarascálacha, agus déanann siad imscrúdú ar chásanna neamhchoitianta casta a dteastaíonn cinneadh uatha. Bíonn obair agus gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl ag Oifigigh Feidhmiúcháin agus san áireamh tá na nithe seo a leanas: taighde a dhéanamh agus moltaí a dhréachtú maidir le beartas agus maidir le reachtaíocht; obair an bhainisteora shóisearaigh a dhéanamh i Ranna Rialtais, a bheith freagrach as obair a bhainistiú agus, tar éis taithí a fháil, as foireann mhór agus acmhainní eile a bhainistiú; a bheith ag plé go díreach le baill den phobal maidir leis na seirbhísí a chuireann an Státseirbhís ar fáil dóibh.

Nuair atá Oifigigh Feidhmiúcháin á n-earcú, tuigeann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí gur féidir go rachadh cuid mhaith díobh siúd a cheaptar ar aghaidh chuig poist shinsearacha sa Státseirbhís. Dá bharr seo, lorgaímid daoine a thaispeánann an cumas freagracht ard a ghlacadh i mbainistíocht na seirbhíse poiblí agus maidir le hanailís a dhéanamh ar cheisteanna beartais phoiblí.

Le bheith éifeachtach sa ról mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Státseirbhís, ní mór d'iarrthóirí:

- suim a bheith acu i ngnóthaí poiblí agus a bheith dírithe ar choincheap na seirbhíse poiblí;
- an cumas daoine agus acmhainní a phleanáil agus a eagrú chun spriocanna a bhaint amach;
- tuiscint agus comhbhá a bheith acu agus iad ag déileáil le daoine eile agus a bheith in ann daoine a mhealladh agus iad i dteagmháil leo;
- a bheith in ann a chinntiú go gcomhlíontar gach tasc ar ardchaighdeán;
- a bheith toilteanach smaointe agus eolas a roinnt le daoine, chun toradh ar leith a bhaint amach;
- suim a bheith acu oibriú mar bhall d'fhoireann;
- an cumas ábhar a scríobh go soiléir, go gairid, go cuimsitheach agus go mealltach;
- tiomanta do thorthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach;
- in ann tionscnaíocht a úsáid nuair is cuí;
- in ann athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar réimsí neamhghnácha casta agus moltaí cuí a dhéanamh.

Poist ina bhfuil gá le scileanna speisialtachta Gaeilge

Tá an Státseirbhís tiomanta go hiomlán dá dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe folúntais a tharlaíonn ina bhfuil sé riachtanach réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge (Oibrí Dátheangach) a líonadh ón gcomórtas seo. Chuige sin, is féidir le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a chomhlíonann na critéir cháilitheachta ar fad thíos a spéis a shonrú ar an bhfoirm iarratais.

Beidh ar iarrthóirí a léiríonn a spéis agus a fhaigheann cuireadh chuig na staideanna deiridh den phróiseas roghnaithe trialacha áirithe a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, m.sh. agallamh agus scrúdú scríofa, sula gcuirfí iad faoi mheas do phost. Ní mór dóibh an caighdeán riachtanach a bhaint amach sa Ghaeilge, .i. a léiriú go bhfuil Leibhéal B2, ar a laghad, bainte amach acu ar chreat féinmheasúnaithe-Europass

Riachtanais Cháilitheachta

Ní mór d'iarrthóir na riachtanais seo a leanas uilig a chomhlíonadh ar an dáta dúnta, an **2 Meitheamh 2022** chun dul san iomaíocht:

1.

(i) cáilíocht ag Leibhéal 7, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí a bheith acu; ***nó***

(ii) grád D, ar a laghad, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge nó sa Bhéarla ag an ngnáthleibheál i scrúdú Bunaithe na hArdteistiméireachta (nó má rinne siad an scrúdú i ndiaidh 2017, grád O6 san Ardteistiméireacht), grád C (nó má rinne siad an scrúdú i ndiaidh 2017, grád H4 san Ardteistiméireacht) i gcúig ábhar, ar a laghad, ag an Ardleibhéal nó cáilíocht a bheith acu atá, i dtuairim na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, ar aon chéim leis sin, ó thaobh leibhéal agus méid na foghlama atá ar aon chéim, ar a laghad, nó níos airde; .i. cáilíocht atá ar aon chéim le Mórdhámhachtain ag Leibhéal 5 nó níos airde ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. *Féach ar cháipéis treorach maidir leis an gcaoi ar féidir leat a chinntiú go bhfuil an cháilíocht chuí agat sula gcuireann tú iarratas isteach* – **cliceáil anseo** – ***nó***

(iii) gach scrúdú i mBliain 1 de chlár trí nó ceithre bliana as a dtiocfaidh cáilíocht ag Leibhéal 7, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a bheith comhlíonta agus pas faighte iontu; ***nó***

(iv) ag obair mar Státseirbhíseach agus seirbhís dhá bhliain ar a laghad déanta agat agus **cúig** ábhar faighte agat i Scrúdú Bunaithe na hArdteistiméireachta (Matamaitic agus Gaeilge nó Béarla san áireamh), trí cinn acu ag Grád C ar a laghad (nó tar éis 2017 grád H4 san Ardteistiméireacht) ag an Ardleibhéal, ba chóir na cinn eile a bheith ar Ghrád D ar a laghad (nó tar éis 2017 grád O6 san Ardteistiméireacht) ag an ghnáth-leibhéal); nó pas faighte agat i scrúdú(uithe) a ghlacfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis a bheith ar aon chaighdeán ar a laghad leis an Ardteistiméireacht Bhunaithe.

agus

2. Na hinniúlachtaí atá riachtanach don phost, agus atá leagtha amach in Aguisín 2, a léiriú.

NÓTA: Is féidir nach gcinnteofar cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim dheireanach sa phróiseas; mar sin, i gcás iarrthóirí nach bhfuil na riachtanais iomlána acu, **ar an dáta atá luaite thuas** agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, tá siad ag cur costais/dua gan ghá orthu féin agus ní thairgfear post dóibh san fheachtas seo.

Bí ar an eolas, le do thoil, nach féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhairle a thabhairt faoi cháilíochtaí/cáilitheacht an duine mura gcuirtear iad faoi mheas mar gheall ar líon na n-iarratas. Ní mór don iarrthóir a chinntiú go bhfuil na riachtanais cáilitheachta a luaitear thuas acu. Tá sé de cheart ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a shocrú ag staid ar bith nach bhfuil iarrthóir cáilithe má cheapann siad nach bhfuil an cháilitheacht/cáilíochtaí riachtanacha acu m.sh. ón bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Beidh ar iarrthóirí atá á gcur faoi mheas tar éis staid dheiridh an phróisis roghnaithe fianaise i ndoiciméid a thabhairt faoina gcáilitheacht, cáilíochtaí san áireamh.

Is féidir go dtógfar amach as an gcomórtas am ar bith aon iarrthóir nach bhfuil in ann a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann cuireadh chuig scrúdú, cuireadh chun agallaimh nó chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe agus a rá go bhfuil iarrthóir incháilithe.

Critéir Cháilitheachta sa Bhreis

Sláinte & Dea-Cháil

Ní mór sláinte mhaith a bheith ag iarrthóirí, ní mór dóibh a bheith in ann a gcuid oibre a dhéanamh agus ní mór dea-cháil a bheith orthu. Beidh ar dhaoine atá faoi mheas do phost dearbhú sláinte agus carachtair a shíniú. Lorgófar teistiméireachtaí. Tá imréiteach slándála speisialta ag teastáil do phoist áirithe agus ní mór foirm a chomhlíonadh ionas gur féidir leis na Gardaí scrúdú a dhéanamh uirthi. Sa chás go mbeadh coimhlint leasa ann, is féidir nach gcuirfí iarrthóirí faoi mheas do phoist áirithe.

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'Iarrthóir Incháilithe a bheith:

(a) Ina s(h)aoránach den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE). Is iad tíortha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE; nó
(b) Ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) Ina s(h)aoránach den Eilvéis, de réir an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Ina s(h)aoránach neamh-LEE, atá ina c(h)éile nó ina p(h)áiste de chuid saoránaigh LEE nó saoránaigh den RA nó saoránaigh Eilvéiseaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
(e) Ina dhuine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dóibh de réir an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó ina b(h)all teaghlaigh a bhfuil sé de cheart acu fanacht sa Stát de thoradh athaontaithe teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu nó
(f) Ina s(h)aoránach neamh-LEE, atá ina t(h)uismitheoir de chuid páiste atá ina s(h)aoránach LEE agus a bhfuil cónaí orthu i mballstát de chuid an LEE nó sa RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe roimh an dáta a ndéantar tairiscint ar phost ar bith.

Ní mór d'iarrthóirí aon fhostaíocht a bhí acu sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí a lua, é a lua má ghlac siad páirt i scéim dheonach iomarcaíochta nó scoir ar bith agus/nó é lua má tá siad ag fáil pinsin scoir de bharr drochshláinte. Mura ndéantar é sin, d'fhéadfaí pionós a chur i bhfeidhm.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe den 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an gcomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) ar feadh tréimhse de 2 bhliain ó chríochnaigh an fhostaíocht. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim Dheonach Luathscoir seo agus a d'éireodh leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach féidir le daoine ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó sa rannán céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanaí:

Thug Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte den 1 Samhain 2010 Scéim Spriocdhírithe Luathscoir Dheonach agus Scéimeanna Deonacha Iomarcaíochta (SDI) isteach. Tá sé mar choinníoll den Scéim Dheonach Luathscoir nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin SDI ach

go maireann an tréimhse choiscthe 7 mbliana. Níl duine ar bith a ghlac páirt sa SDL i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas. Beidh ar dhaoine a ghlac leis an SDI agus a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal) má éiríonn leo sa chomórtas seo.

(Litir LG(P) 05/2013) na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil

Chuir Imlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe: Íocaíochtaí iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí* den 28 Meitheamh 2012, mar a shonraítear thuas, is coinníoll den SDL sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe leis an Phobal 2009 – 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] ar feadh tréimhse de dhá bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhonn conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

Dearbhú:

Beidh ar iarrthóirí a dheimhniú ar ghlac siad páirt roimhe seo i scéim dhreasaithe luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Beidh ar iarrthóirí chomh maith aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís atá ann atá faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go dtí 2005, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus ag cibé Acht eile atá i bhfeidhm idir an dá linn i dtaca leis an Státseirbhís.

Tuarastal

Tá an Scála Tuarastail don phost (i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2022) mar seo a leanas:

Oifigeach Feidhmiúcháin (RPP)

€31,698 €33,509 €34,531 €36,526 €38,315 €40,044 €41,768 €43,455
€45,160 €46,817 €48,526 €49,658 €51,270(IFS1) €52,894(IFS2)

Tá an ráta RPP i bhfeidhm nuair a chaithfidh an duine Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (nó ranníocaíocht phríomhscéime, mar a thugtar uirthi chomh maith) a dhéanamh, de réir rialacha a bpríomhscéime/a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann sin agus an ranníocaíocht a dhéantar mar bhall de scéim do Chéilí agus do Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile.

Beidh ráta eile i gceist mura gcaithfidh an ceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse tar éis 3 (IFS1) agus 6 (IFS2) bliana de sheirbhís shásúil ag an bpointe is airde den scála.

Fógra Tábhachtach:

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófaí an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Is féidir go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an t-iarrthóir atá ag obair faoi láthair.

Déanfar íocaíochtaí i riaráistí **gach coicís** trí Ríomhaistriú Airgid chuig cuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirtear uimhir chuntais bainc agus cód sórtála ar aghaidh nuair a cheaptar iarrthóir agus déantar asbhaintí reachtúla ón tuarastal mar is cuí.

Nuair a cheaptar thú, aontóidh tú go n-íocfar aon ró-íocaíocht de thuarastal, liúntais nó costais ar ais de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntais agus Costas a dhéantar do Bhaill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/ Pinsinéirí.

Tionacht agus Promhadh

Ceapachán ar chonradh promhaidh do phost buan sa Státseirbhís atá anseo.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse de bhliain amháin ón dáta atá sonraithe sa chonradh. D'ainneoin an ailt seo agus an ailt díreach ina dhiaidh seo thíos, ní chuirfidh seo cosc ar shíneadh an chonartha phromhaidh i gcúinsí cuí.

Le linn do thréimhse promhaidh beidh do chuid oibre faoi réir ag athbhreithniú a dhéanfaidh do mhaoirseoir(í) chun na nithe seo a leanas a chruthú:

(i) go bhfuil do chuid oibre sásúil,
(ii) gur iompair tú tú féin ar bhealach sásúil, **agus**
(iii) go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreoiteachta.

Sula dtiocfaidh deireadh leis an gconradh promhaidh déanfar cinneadh maidir le cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar thú de bhun *Ailt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005.* Déanfar an cinneadh seo a bhunú ar an gcaoi ar chruthaigh tú tú féin le hais na gcritéar a leagtar amach in (i) go dtí (iii) thuas. Míneoidh an Roinn/Eagraíocht chuí mionsonraí an phróisis phromhaidh don cheapaí agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an tréimhse phromhaidh dóibh.

In aineoinn na n-alt roimhe seo sa mhír seo, is féidir le ceachtar den dá thaobh deireadh a chur leis an gconradh promhaidh tráth ar bith roimh dheireadh thréimhse an chonartha de réir an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 – 2005.

I gcásanna áirithe is féidir síneadh a chur leis an gconradh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá thaobh toiliú leis an síneadh.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá an té a cheapfar as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Shaoire Uchtaithe.
- Maidir le duine atá as láthair mar gheall ar Shaoire Thuismitheora nó mar gheall ar Shaoire Chúramóra, is féidir go mbeidh ar an bhfostóir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí má cheaptar nach mbeadh sé oiriúnach leanúint leis an tréimhse phromhaidh
- Is féidir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí sa chás go mbíonn oifigeach as láthair de bharr breoiteachta neamh-athfhilltí.

I gcásanna den chineál seo is féidir leis an bhfostaí iarratas a chur faoi bhráid an fhostóra chun síneadh a chur le tréimhse an chonartha.

Ní mór do gach ceapaí tréimhse phromhaidh aon bhliana a dhéanamh. Sa chás go raibh ceapaí a dteipeann orthu coinnoíllacha an phromhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach díreach roimh a gceapachán ón gcomórtas seo, is iondúil go dtiocfaidh ceist an fhillte chun tosaigh. I gcás an fhillte, rachaidh an t-oifigeach ar ais i bhfolúntas sa ghrád a bhí acu roimhe seo sa Roinn ina raibh siad roimhe seo.

Ceanncheathrú
Beidh ceanncheathrú an oifigigh lonnaithe de réir mar a ainmneoidh Ceannasaí na Roinne ó am go ham. Nuair a bhíonn an duine ar dualgas, agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú, íocfar costais chuí taistil agus liúntais chothaithe, faoi réir ghnáthrialacha na státseirbhíse.

Uaireanta freastail
Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú ná 43 huaire an chloig agus 15 nóiméad san iomlán in aghaidh na seachtaine. Sa chás is go gcaithfidh oifigeach freastal breise a dhéanamh, ceadófar pá ragoibre a íoc, nó bronnfar saoire breise ina ionad, de réir na rialachán a bhaineann le ragobair sa stásteirbhís.

Saoire Bhliantúil
Ceadaítear 23 lá mar Shaoire Bhliantúil do phost an Oifigigh Feidhmiúcháin agus ceadaítear 24 lá tar éis seirbhís cúig bliana agus 25 lá tar éis seirbhís 10 mbliana, 26 lá tar éis seirbhís 12 bhliain agus 27 lá tar éis seirbhís 14 bliana. . Bunaítear an tsaoire bhliantúil, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bhliantúla, ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Saoire Bhreoiteachta
Sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhuan-neamhábaltacht seirbhíse, féadfar pá iomlán a íoc le linn saoire bhreoiteachta atá deimhnithe i gceart ar bhonn pro-rata, de réir na bhforálacha atá sna ciorcláin lena mbaineann.

Beidh ar Oifigigh a íocann ráta Aicme A d'ÁSPC mandáid a shíniú ag tabhairt cead don Roinn Coimirce Sóisialaí aon leas atá i ndán faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc díreach leis an Roinn nó Eagraíocht chuí. Beidh cibé íocaíochtaí a dhéanfar le linn breoiteachta faoi réir ag an gcoinníoll go gcuireann an t-oifigeach na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama cuí.

Aoisliúntas agus Scor
Tabharfar na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca le haoisliúntas atá i bhfeidhm ag an am sa Státseirbhís nuair a dhéantar an ceapachán don té a cheapfar. I gcoitinne, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí mar bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"). Tá sonraí uile na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime neamhshingil) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó sa chás go bhfuil an ceapaí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá is féidir go mbeadh coinníollacha difriúla i bhfeidhm. Socrófar teidlíocht phinsin ceapaithe dá leithéid de réir cibé cuntas fostaíochta seirbhíse poiblí atá acu.

Is iad seo thíos na príomhfhorálacha maidir le ballraíocht den Scéim Aonair:

- **Aois Phinsin:** Ní íocfar liúntais scoir go dtí go bhfuil duine 66 bliana d'aois, an aois ag a gcáilíonnn duine faoi láthair don Phinsean Stáit.
- **Aois Scoir:** Ní mór do bhaill na scéime scor nuair atá siad 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear an meán-tuarastal le linn na gairme chun leas a áireamh (cuirtear suim phinsin agus cnapshuim le chéile gach bliain agus tugtar ráta nua dóibh gach bliain de réir an CPI).
- Tá méadú i bpinsean scoir an phoist ceangailte le CPI.

Lacáiste Pinsin

- Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus ag saothrú pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí i bhfeidhm le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean **faoi réir ag lacáiste** de réir Ailt 52 den

Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh an fhoráil do lacáiste, más cuí, i bhfeidhm. Ní cheaptar go nglacfaidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar athscaoileadh lacáiste i dtaca le ceapachán sa phost seo.**

- Má bhí an duine a cheaptar fostaithe cheana sa Státseirbhís, áfach, agus gur bronnadh pinsean orthu faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), nó faoi Chiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte - Scéim Dheonach Luathscoir/SDI, nó faoi Chiorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), ní bheidh an duine a cheaptar i dteideal an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, ionas go gcuirfear san áireamh cibé iar-sheirbhís a thug an t-oifigeach go dtí seo chun críocha aon aoisliúntas a bhféadfadh an t-oifigeach a bheith i dteideal dóibh sa todhchaí.

- **Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna - Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Mar choinníoll den Scéim Luathscoir, seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear iad ar dhóigh ar bith **i** réimse ar bith san earnáil phoiblí, cuirfear stad láithreach le híocaíocht phinsin don duine sin. Déanfar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó ar a 60ú lá breithe, cé acu is déanaí, ach nuair a thosóidh sé arís beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe an duine mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe seo san áireamh nuair atá íocaíocht phinsin á háireamh).

- **Scor de Bharr Drochshláinte (SDS)**
  Tabhair faoi deara gur gá do dhuine ar bith a chuaigh ar scor de bharr drochshláinte faoi théarmaí na scéime aoisliúntais a dheimhniú leis an eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta, ag an gcéad chéim den iarratas, go bhfuil siad ag fáil pinsin dá leithéid.

  Ní mór d'iarrthóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun go measfar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus ag cur san áireamh an chúinse a cháiligh iad do Scor de Bharr Drochshláinte.

  Ceapachán tar éis Scoir de bharr Drochshláinte ón Státseirbhís

  Má éiríonn lena n-iarratas sa chomórtas, ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

  1. Má cheaptar go bhfuil siad in ann seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad i bpost, cuirfear deireadh lena bpinsean de bharr drochshláinte ón státseirbhís.
  2. Má tharlaíonn ina dhiaidh sin go dteipeann orthu an promhadh a chomhlíonadh nó go socraíonn duine an post sannta a fhágáil, ní féidir a stádas SDS a fhreaschur nó a bpinsean SDS ón státseirbhís a bhí ann roimh an iarratas a thabhairt ar ais agus níl aon teidlíocht dá leithéid.
  3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Ceapachán tar éis scoir de bharr drochshláinte ón tseirbhís phoiblí

1. I gcás go bhfuil duine éirithe as foras seirbhíse poiblí mar gheall ar dhrochshláinte, is féidir go ndéanfar athbhreithniú ar phinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, nuair a cheapfar iad, beidh ar an iarratasóir a dheimhniú an bhfuil siad ag fáil pinsin seirbhíse poiblí (drochshláinte nó eile) agus is féidir go laghdófaí an pinsean seirbhíse poiblí.
3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Tá níos mó eolais maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsin seirbhíse poiblí nó státseirbhíse de bharr drochshláinte ar fáil ag an nasc seo nó ar iarratas ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Fabhrú Pinsin
Beidh teorainn de 40 bliain seirbhíse san iomlán gur féidir a áireamh do phinsean i gceist sa chás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim phinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (.i. Scéim neamh-shingil) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin do dhuine ar bith le ceapadh a shaothraigh cearta pinsin ó fhostaíocht cheana sa tSeirbhís Phoiblí.

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile
Tá an ceapachán ag brath ar Ranníocaíochtaí Aoisliúntais sa Bhreis (RAB) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Nóta:** Déantar aisbhaintí RAB i dteannta le haon ranníocaíochtaí pinsin atá riachtanach faoi rialacha do scéime pinsin.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Phinsin Shingil do Sheirbhísigh Phoiblí, téigh go dtí an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Rúndacht agus Caighdeáin Iompair

Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas:
Beidh an ceapaí, le linn théarma a c(h)eapacháin, ag feidhmiú faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a scaoileadh le tríú páirtí neamhúdaraithe, bíodh sé sin le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse
Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí
Beidh na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí i bhfeidhm, más cuí, san fhostaíocht seo.

Ceadú roimh ré maidir le foilseacháin:
Tabharfaidh an t-oifigeach geallúint gan aon ábhar a bhfuil baint aige le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan chead ó Cheannasaí na Roinne nó ó oifigeach eile leis an údarás cuí.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:
Le linn na tréimhse fostaíochta beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacháin a rialaíonn seirbhísigh phoiblí agus cursaí polaitíochta.

Tabhair faoi deara, le do thoil:
Mar Fhostóir de Rogha, tá a lán polasaithe solúbtha agus polasaithe a oireann do theaghlaigh ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna le cianobair a dhéanamh. Bí ar an eolas gur féidir le hiarrthóirí a n-éiríonn leo iarratas a dhéanamh ar dheiseanna oibre, ach gurb é an fostóir a dhéanann cinntí faoi na deiseanna agus go ndéantar iad i gcomhréir le riachtanais ghnó na heagraíochta agus de réir an cháis.

Fógra Tábhachtach
Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir a cheapfar.

Próiseas Iarratais

Rogha Áiteanna

Earcaíocht Réigiúnach

Ar an bhfoirm iarratais, is féidir leat **dhá cheantar, ar a mhéad, a roghnú** ón liosta thíos, ina mbeifeá toilteanach a bheith ag obair má thairgtear ceapachán duit:

Ceatharlach	An Cabhán	An Clár
Corcaigh	Dún na nGall	Baile Átha Cliath
Gaillimh	Ciarraí	Cill Dara
Cill Chainnigh	Contae Laoise	Liatroim
Luimneach	Contae Lú	An Longfort
Maigh Eo	An Mhí	Muineachán
Uíbh Fhailí	Ros Comáin	Sligeach
Tiobraid Árann	Port Láirge	An Iarmhí
Loch Garman	Cill Mhantáin	

Níor chóir duit ach ceantar ina mbeifeá toilteanach dul ag obair ann má thairgtear ceapachán duit a roghnú. **Ní féidir do rogha(nna) áite a athrú tar éis an dáta dúnta.** Ní chuirfear thú faoi mheas d'fholúntais ach amháin i gcathair/mbaile sa chontae a roghnaigh tú. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir nach dtarlóidh folúntais i ngach ceann de na hionaid le linn thréimhse an phainéil seo. Chomh luath agus a shanntar iarrthóir, bainfear iad den phainéal.

I ndiaidh Staid 1, is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir lena rogha áite.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir nach dtarlóidh folúntais i ngach ceann de na hionaid le linn thréimhse an phainéil seo.

Tá iniúchadh á dhéanamh ag an Státseirbhís, mar Fhostóir Rogha agus faoi Chlár an Rialtais, ar na deiseanna atá ann d'fhostaithe a bheith ag obair ó chian.

Gnéithe Praiticiúla

- Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne trí www.publicjobs.ie.
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí "Cuntas Úsáideora" a bheith acu ar www.publicjobs.ie. Mura bhfuil sé déanta agat cheana, ní mór duit cliceáil ar 'Logáil Isteach'

ar leathanach baile publicjobs agus clárú mar ***'Úsáideoir Nua'*** chun do phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua).

- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, ná cruthaigh an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.

- Bí ar d'aire nach ionann clárú (Próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá próifíl cruthaithe agat, ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach.

Ceisteanna maidir le hAinm Úsáideora / Pasfhocal

An bhfuil dearmad déanta agat ar d'ainm úsáideora nó ar do phasfhocal?
Má tá, cliceáil ar an nasc seo
https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetails.do

Conas teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Má tá deacracht agat fós le d'Ainm Úsáideora nó le do Phasfhocal, seol ríomhphost chuig Largevolumerecruitment5@publicjobs.ie *ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir theileafóin san áireamh, chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.*

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas nach mbeidh tacaíocht ar fáil ach le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. **Ní ghlacfar** le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí ar bith.

- Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do Chlár Teachtaireachtaí.

- Moltar go láidir duit gan an seoladh ríomhphoist nó d'uimhir theileafóin a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtaireacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir theileafóin a tugadh ar dtús.

- Is ar líne a dhéanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais den chuid is mó. Seolfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an chuid is mó den chumarsáid chugat trí do Chlár Teachtaireachtaí publicjobs. Moltar duit féachaint ar do Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha a chuirtear chuig Clár na dTeachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar (nó 'Promotions' i gcás gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.

- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as comhfhreagras nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad go rialta ar a gClár Teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chucu.

- Má thugtar cuireadh dóibh chuig tástálacha agus/nó agallamh, is faoin iarrthóir féin atá sé a bheith ar fáil ar an dáta(í) a shonraíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Mura mbíonn tú i láthair ar an dáta/ag an am a thugtar duit, glacfar leis gur tharraing tú siar as an gcomórtas.

- Tá Polasaí maidir le hIompar Míréasúnta i bhfeidhm sa tSCP. Is féidir eolas faoin bpolasaí a fháil ar shuíomh gréasáin PublicJobs

Conas Iarratas a Dhéanamh

Is faoin iarrthóir féin atá sé an(na) comórta(i)s ceart(a) a roghnú.

Cliceáil ar an gcnaipe 'Déan Iarratas Anois' chun an fhoirm ghréasáin a fháil. Tá an cnaipe seo le fáil ag deireadh an leathanaigh ar a bhfógraítear poist d'Oifigigh Feidhmiúcháin sa Státseirbhís 2022 www.publicjobs.ie. Ní mór duit an fhoirm ghréasáin a chomhlíonadh go hiomlán agus cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir Isteach'.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, moltar duit filleadh ar do chuntas publicjobs agus a chinntiú go bhfuil sé curtha isteach trí ***'M'Iarratais'***. Ag an staid seo ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphoist ó publicjobs.ie.

Mura bhfaigheann tú admháil faoi d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d'iarratais, cliceáil ar d'fhillteán do Dhramhaíl/Thurscar' mar gur féidir fógraí i ríomhphost dul isteach i bhfillteáin do Dhramhaíl/ Thurscar (nó 'Promotions' i gcás Gmail). Sa chás nach bhfaigheann tú admháil go fóill, seol ríomhphost chuig **Largevolumerecruitment5@publicjobs.ie** agus cuir isteach d'ainm, d'UA Iarrthóra agus do shonraí teagmhála. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear isteach ar líne san fheachtas. **Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta. Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.**

Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh chucu tabhairt faoi ghné ar bith den phróiseas roghnaithe, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó aon fhoras eile leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Táimid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe, molaimid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le cóiríocht réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile. Maidir leis na socruithe a chuirimid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnta, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus réimse de shocruithe eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, bí cinnte nach mbeidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoimid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort faoi rún daingean.

Má éiríonn leat, ní sheolafar eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an staid seo den phróiseas ar aghaidh chuig an roinn fostaíochta, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuir tú in iúl ar d'fhoirm iarratais/phróifíl go bhfuil cóiríocht réasúnta ag teastáil uait, cuir tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis ar aghaidh chuig ASU@publicjobs.ie

Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don tSCP ionas gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/thuairiscí ó shíceolaí a cheilt (a bhaint amach) má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Ní mór na tuairiscí seo a chur ar aghaidh chuig aonad na Seirbhísí Measúnaithe roimh am dúnta gnó ar an 2 Meitheamh 2022. Ba chóir duit cóip scanta den tuairisc a sheoladh, trí mheán an ríomhphoist, chuig asu@publicjobs.ie

Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana leis an tSCP agus má chuir tú tuairisc isteach, seol ríomhphost chuig asu@publicjobs.ie chun a dheimhniú go bhfuil do thuairisc fós ar taifead.

Más mian leat plé a dhéanamh ar d'iarratas agus nó chóirocht réasúnta ar féidir léi cabhrú leat le linn an phróisis earcaíochta, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh, ar amanda.kavanagh@publicjobs.ie. Le tuilleadh eolais a fháil ar inrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar ár Leathanach maidir leis an Inrochtaineacht.

Dáta Dúnta

Is é **3i.n. ar an 2 Meitheamh 2022** an dáta deireanach ar a nglacfar le hiarratais chomhlíonta.

Próiseas Roghnaithe

Maidir leis na modhanna roghnaithe don chomórtas seo, beidh gnéithe éagsúla i gceist chun iarrthóirí oiriúnacha a roghnú do phoist a thagann chun cinn (má thagann). Is féidir go mbeadh na gnéithe seo a leanas i gceist:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlíonadh;
- Triail(acha) ar líne agus/nó triail(acha) ar páipéar;
- Gearrliostú:
- Agallamh físe ar líne;
- Trialacha teanga (labhartha agus/nó scríofa);
- Agalla(i)mh Iomaíoch;
- Cur i láthair/Anailís a dhéanamh;
- Triail shamplach oibre nó cleachtadh eile a cheaptar atá riachtanach.

Chun cloí le treoirlínte is déanaí an Rialtais maidir leis an tsábháilteacht phoiblí, tá sé i gceist go mbeidh difríochtaí idir modhanna measúnaithe an chomórtais seo agus na modhanna measúnaithe as ar baineadh úsáid i gcomórtais roimhe seo mar gheall ar Covid-19. Mar sin, moltar do gach iarrthóir scrúdú cúramach a dhéanamh ar aon chomhfheagras nó ar aon ábhar eolais a fhaigheann siad roimh thús gach staide.

Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus ceann de na háiteanna is airde a bhaint amach chun go gcuirfí iad faoi mheas le dul ar aghaidh chuig an gcéad staid eile den phróiseas roghnaithe ina bhfuil staideanna éagsúla. Socróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ó am go ham an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach staid.

An Chéad Chéim Eile
Má chuirfear faoi mheas thú chun dul ar aghaidh chuig na staideanna eile den phróiseas roghnaithe, seolfar eolas chugat ag an am cuí.

Dátaí Táscacha (Is féidir go n-athrófar iad)

Staid	**Dátaí**
Dáta dúnta	02/06/2022
Staid 1	Meitheamh 2022

Dá bhrí sin ba chóir d'iarrthóirí a bheith ullamh taobh istigh d'am gairid leis na trialacha a dheanamh agus freastal ar an agallamh agus na doiciméid chuí a chur ar fáil.

Is cuma má léiríonn tú suim i níos mó ná ionad amháin (dhá cheann, ar a mhéad), níl cead agat na staideanna éagsúla den phróiseas roghnaithe a dhéanamh ach uair amháin, agallamh san áireamh.

Scileanna
Is ar líne a dhéanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais den chuid is mó. Beidh an tSCP i dteagmháil leat den chuid is mó trí do chlár teachtaireachtaí Publicjobs.ie. Is féidir, áfach, go ndéanfar teagmháil leat trí mheán an ríomhphoist chomh maith. Is faoin iarrthóir atá sé súil a choinneáil go rialta ar a gClár Teachtaireachtaí/gCuntas ríomhphoist mar, uaireanta, téann fógraí ríomhphoist agus nuashonruithe isteach i do chomhaid do Dhramhaíl/Thurscar (nó 'Promotions' i gcás gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic. Ní bheidh an tSCP freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir.

Moltar go láidir duit gan do sheoladh ríomhphoist nó uimhir do theileafóin póca a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtaireacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir theileafóin a tugadh ar dtús (féach ar alt '*Clár Teachtaireachtaí Publicjobs*' thíos). Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí féin a úsáid. Ní ghlacfar le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí ar bith.

Eolas Ginearálta

Ceapacháin ó Phainéil
Bunóidh an tSCP painéil de dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun folúntais a líonadh a d'fhéadfadh tarlú in ionaid éagsúla sa Státseirbhís. Má fhaigheann agus má ghlacann iarrthóirí le tairiscint ar phost, caithfidh siad a bheith ar fáil chun tosú sa phost sin laistigh d'achar réasúnta ama. Ní féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a rá cé mhéad folúntas a líonfar le linn thréimhse an phainéil, agus tá seans ann nach mbainfí d'áitse san ord fiúntais amach.

Níl aon chinnteacht ann go gceapfar duine i bpost má cháilíonn siad nó má chuirtear iad ar phainéal. Nuair a bhaintear a (h)áit ar an bpainéal amach, is gnách nach ndéanfar iarrthóir a mheas ach do phost amháin. Nuair a cheaptar i bpost iad, bainfear iarrthóir den phainéal agus ní dhéanfar iad a mheas a thuilleadh do phoist a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa todhchaí. Bí ar an eolas má ghlacann duine le tairiscint ar cheapachán go mbainfear iad d'aon phainéal eile agus ní dhéanfar aon tairiscint eile ar cheapachán. Samhlaítear nach ndéanfar ceapacháin ón gcomórtas seo tar éis **an 30 Meitheamh 2024.**

Bí ar an eolas nach bhfuil aon chinnteacht ann go gceapfar duine i bpost má chuirtear iad ar phainéal.

Critéir ar leith an iarrthóra
Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas le dualgais an phoist a chomhlíonadh a bheith acu
- A bheith oiriúnach ó thaobh dea-cháile de
- A bheith oiriúnach don cheapachán ar gach slí;

Má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

- Go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh
- Go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán, dualgais an phoist.

Ceapacháin a Chur Siar
Ní mór d'iarrthóirí a thuiscint go mbíonn na folúntais ann do phoist atá le líonadh láithreach. Níl cead ag iarrthóirí a gceapacháin a chur siar nuair a bhaintear a n-áit ar an bpainéal amach, m.sh. chun cúrsa staidéir a dhéanamh, nó chun tionscadail atá ar siúl acu a chríochnú. Socraíonn an roinn nó an eagraíocht chuí dátaí tosaigh agus beidh ar iarrthóirí dul ag obair laisigh de thréimhse réasunta nuair a cheaptar iad i bpost.

Tairiscint ar Cheapachán a Dhiúltú
Sa chás go ndiúltaíonn duine a mholtar do cheapachán an ceapachán sin, nó má éiríonn siad as tar éis dóibh glacadh leis an gceapachán, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an eagraíocht fostaithe, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar
Ní chuirfear faoi mheas níos mó, iarrthóirí nach gcomhlíonann nó nach gcuireann an Ceistneoir ar Líne isteach roimh an dáta a shonraítear; nó nach bhfreastalaíonn/ nach gcomhlíonann aon staid ina dhiaidh sin den phróiseas roghnaithe nó ar agallamh nó ar thriail nuair a iarrann an tSCP a leithéid, nó nach dtugann aon fhianaise a lorgaíonn an tSCP maidir le haon ghné dá n-iarrthóireacht.

Ní mór d'iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisíonn an tSCP san áireamh, a sholáthar taobh istigh den tréimhse a shonraítear. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir as an gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht a thuilleadh.

Iarratais ar Athsceidealú
Ní phléifear le hiarratais ar ath-sceidealú ach i gcásanna fíor-eisceachtúla de réir mar a shocraíonn an tSCP (m.sh. Bás/Tinneas). Bí ar an eolas gur féidir go lorgóidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tacaíocht i ndoiciméad mar fhianaise. I gcás iarrthóirí a dtugtar sceideal nua dóibh, próiseálfar iad leis an gcéad ghrúpa iarrthóirí eile a fhaigheann cuireadh chuig triail/agallamh. . Ní chuirfear iarrthóirí ar ais sa ghrúpa ina raibh siad ar dtús. I gcás iarrthóirí a dtugtar sceideal nua dóibh, ní thabharfar ach deis amháin dóibh é sin a dhéanamh.

Ní mór iarratais a sheoladh chuig Largevolumerecruitment5@publicjobs.ie laistigh den tréimhse chuí a shonraítear sa chuireadh.

Cóiríocht Réasúnta san Ionad Oibre

Dá mba mhaith le hiarrthóir go gcuirfeadh an fostóir ionchasach cóiríocht réasúnta i bhfeidhm, beidh an deis acu sin a chur in iúl ag staid níos déanaí má éiríonn leo sa chomórtas. Ina theannta sin, beidh ar Iarrthóirí 'Foirm Iarratais ar Chóiríocht Réasúnta' a chomhlíonadh ag staid na seiceálacha réamhfhostaíochta. Tá roinnt buntáistí ag baint lena chur in iúl go bhfuil cóiríocht réasúnta ag teastáil uait san ionad oibre, mar ligeann sé sin d'fhostóirí cabhrú leis an bhfostaí barr a c(h)umais a bhaint amach sa ról. Má tá tú cóiríocht réasúnta ag teastáil uait agus má shocraíonn tú gan é sin a nochtadh, is féidir nach mbeidh d'fhostóir in ann cóiríocht réasúnta a chur i bhfeidhm, a chabhródh leat do ról a chomhlíonadh.

Costais
Beidh iarrthóirí freagrach as aon chostas a tharlaíonn maidir lena n-iarrthóireacht.

Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí
Tá sé mar aidhm ag an tSCP seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarrann muid ort an t-ábhar a chur faoi bhráid an aonaid nó an chomhalta foirne atá i gceist. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil muid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir gníomhú chun an scéal a réiteach.

Cearta agus Dualgais an Iarrthóra

Rúndacht
Is féidir le hiarrthóirí a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné den phróiseas a bhainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le hardrúndacht de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint, áfach, gur féidir go dtabharfaí gach ábhar iarratais don údarás/eagraíocht fostaithe. Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar leith ar bith, as cuntais ríomhaire ar chúiseanna ginearálta staidrimh.

Iarratais ar Aiseolas/Thrialacha a Athsheiceáil
Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Is féidir aiseolas agus athscrúdú a lorg go dtí sé mhí tar éis chríochnú gach staide den chomórtas.
Tabhair faoi deara, áfach, gur próiseas eagsúil é an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí leis i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas/athscrúdú a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

Iarratas ar Athbhreithniú faoi na Cóid Chleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dóibh toradh a fháil d'aon staid de phróiseas rognnaithe, is féidir leo:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis

Nó

2. **Gearán a Dhéanamh** go raibh an próiseas roghnaithe atá i gceist míchothrom

Is féidir le hiarrthóir tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnaithe, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnthe ar phróiseas roghnaithe faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) **ar a thoil**.
Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas ceapacháin a stad a fhad is atá siad ag plé le hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh an tSCP idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn sí gur cosúil go ndearnadh earráid.

<u>Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7</u>
Is féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP). Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha **Ailt 7** na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.
Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil a bheith acu, is féidir leo tabhairt faoi na nósanna imeachta thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe an tAthbhreithniú Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an

fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Gearán a dhéanamh faoi Alt 8

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Cód Cleachtais an Choimisiúin ar bhealach a bhféadfadh cur as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig an tSCP ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socrófaí an tSCP nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe atá i gceist leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den chineál seo, is féidir go ndeánfaí an tSCP agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an gCCSP ordú a thabhairt don tSCP cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina n-iarratas mar chuid de phróiseas roghnaithe iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas. Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí prionsabail an Chóid seo.

Mar chuid den Ghearán Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil a bheith acu, is féidir leo tabhairt faoi na nósanna imeachta thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí www.cpsa.ie

Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas ceapacháin a stad a fhad is atá siad ag plé le hathbhreithniú. Bí ar an eolas i gcás gur tharla athbhreithniú foirmiúil de phróiseas earcaíochta agus roghnaithe faoi Alt 7 den Chód Cleachtais, ní féidir leis an ngearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8 seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún ar a thoil.

Dualgais na nIarrthóirí:

Níl cead ag iarrthóirí:
- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó

Cód Cleachtais a Shárú
Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,
- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

Rúndacht maidir le hEolas agus hÁbhair
Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (sleachta eolais san áireamh agus roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do cheisteanna agus fhreagraí) nó ábhar bainteach agus/nó ábhar agallaimh a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é seo a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn siad le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus/nó agra sibihialta ar an duine sin as caillteanas cóipchirt nó maoine intleachtúla.

Fearas Taifeadta a Úsáid
Ní cheadaíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid ina foirgneamh nó in áit ar bith ina mbíonn measúnú/trialacha/agallaimh srl ar siúl, m.sh. agallaimh físe, teileachomhdháil. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físeáin de chineál ar bith cé acu an bhfuil taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist. Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na n-iarrthóirí/gcliant a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe. Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)
Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE.

Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, is féidir linn taifead ríomhaire a chruthú faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar fáil do rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar sannadh thú.

Chun iarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, seol d'iarratas chuig: dpo@publicjobs.ie agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí leagtha amach ar an leathanach a bhaineann le Cosaint Sonraí ar www.publicjobs.ie www.publicjobs.ie.

Canbhasáil
Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas dá dheasca.

Eile
Is féidir go ndéanfaidh páirtithe eile cuid den phróiseas iarratais. I gcásanna dá leithéid beidh sé riachtanach do chuid eolais a roinnt idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus na páirtithe seo chun d'iarratas a phróiseáil.

Aguisín 1 Struchtúr Gráid na Státseirbhíse



Aguisín 2 **Príomhinniúlachtaí d'fheidhmiú éifeachtach ag leibhéal an Oifigighh Feidhmiúcháin**

Daoine a Bhainistiú	Téann an duine i gcomhairle leis an bhfoireann agus spreagann an duine an fhoireann chun a bheith iomlán páirteach trí chomhráite fiúntacha faoi cheisteanna oibre a spreagadh
	Éiríonn leis an duine an leas is fearr a bhaint as daoine agus as an bhfoireann, oibríonn siad leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a bhaint amach, agus tugann siad faoi cheisteanna faoi
	Tá meas ag an duine ar agus tugann siad tacaíocht maidir le daoine eile agus maidir leis an
	Spreagann agus tugann an duine tacaíocht do bhealaí oibre nua agus níos éifeachtaí
	Déileálann an duine le teannas san fhoireann ar bhealach cruthaitheach
	Spreagann, éisteann agus déanann an duine beart ar aiseolas ón bhfoireann chun feabhas a
	Roineann an duine eolas agus saineolas chun cabhrú leis an bhfoireann a spriocanna a bhaint
Anailís & Cinntí a Dhéanamh	Déileálann an duine go héifeachtach le réimse leathan foinsí eolais, fiosraíonn an duine gach
	Tuigeann an duine impleachtaí praiticiúla eolais maidir leis an gcomhthéacs i gcoitinne ina n-oibríonn siad - cur chuige, spriocanna rannóige srl
	Aithníonn agus tuigeann an duine na ceisteanna agus na treochtaí tábhachtacha
	Baineann an duine an chiall cheart as eolas uimhriúil, déanann an duine áirimh chruinne
	Déanann an duine measúnú cruinn agus déanann siad moltaí cothroma agus cuí trí thacaíocht ó fhianaise
Torthaí a Sholáthar	Tugann an duine faoi obair agus cinntíonn siad go gcomhlíontar an obair i gceart
	Tá an duine loighciúil agus stuama faoi chur chuige, socraíonn an duine spriocanna agus baineann siad na torthaí is fearr amach leis na háiseanna atá ar fáil trí thascanna agus acmhainní a chur in ord tosaíochta
	Scrúdaíonn an duine na modhanna oibre reatha chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear
	Déanann an duine meastachán cruinn ama maidir le tionscadail agus déanann an duine plean
	Laghdaíonn an duine botúin, déanann an duine athbhreithniú ar fhoghlaim agus cinntíonn an
	Déanann an duine cinnte de go ndéanann a f(h)oireann féin a dícheall chun torthaí éifeachtacha
	Cinntíonn an duine go bhfuil modhanna/prótacail/próisis athbhreithnithe cuí i bhfeidhm maidir le
Scileanna Cumarsáide & Idirphearsanta	Athraíonn an duine an tslí chumarsáide le bheith in oiriúint don chás ar leith / don lucht éisteachta
	Éisteann an duine go gníomhach le tuairimí dhaoine eile
	Oibríonn an duine i gcomhar le grúpaí eile chun comhoibriú a bhaint amach
	Pléann an duine an cheist más gá, chun toradh sásúil a bhaint amach
	Dírithe ar dhéileáil le custaiméirí go héifeachtach, go héifeachtúil agus le hurraim
	Tá an duine ceannasach agus gairmiúil agus iad ag déileáil le ceisteanna deacra
	Cuireann an duine eolas i láthair go soiléir agus go gonta le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh
Eolas Speisialtachta, Saineolas agus Féinfhorbairt	Léiríonn an duine sárscileanna/sáreolas ina réimse féin agus tugann an duine treoir do
	Tuigeann an duine go soiléir a ról agus a spriocanna féin agus spriocanna na foirne agus conas mar a oibríonn siad san aonad agus sa Roinn agus tugann an duine seo le fios go soiléir don fhoireann
	Taispeánann an duine an tslí, léiríonn siad an tábhacht a bhaineann le forbairt trí am a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí forbartha dóibh féin agus don fhoireann
Díograis agus Tiomantas	Tiomanta don ról, i gcónaí ag iarraidh caighdeán ard a bhaint amach
	Léiríonn an duine solúbthacht agus oscailteacht maidir le hathrú
	Tá teacht aniar sa duine agus coinníonn siad leis in ainneoin deacrachtaí
	Cinntíonn an duine go ndírítear ar sheirbhís do chustaiméirí óna t(h)aobh féin agus ó thaobh na
	Tá an duine ionraic agus is féidir brath orthu
	Feidhmíonn an duine go hionraic agus spreagann siad daoine eile chun an rud céanna a